

CRUACH NA CARA

Níl aon chomhnaidhe anois i nOileán Mhic Dara – Cruach na Cara. Bhí fear a raibh Páidín Rua air ar an oileán, é féin agus a chlann. Sheasadar ann nó gur phós duine dá chlann ann. Bhí leath-ghabhaltas in Oileán Máisiun ag Páidín Rua. Thug sé do mhac a phós é. D’fhan an mac eile in éinfheacht leis féin in Oileán Mhic Dara. Ins an am sin ní rabh mórán le dhá bhó ag aon fhear i nlorrus Aithneach, agus bhí seacht gcinn déag de bheithidhigh bhainne ag Páidín Rua i nOileán Mhic Dara. Badh é an t-úghdar a bhí leis sin feaabbas an oileáin le haghaidh saothrú. Bhí seacht bpunt ar an tonna den cheilp lena linn agus ní rabh aon lá nach rabh sé indon dhá thrá a dhéanamh. Níor shéid aon ghaoth as aer nach rabh fasgadh ar thaobh eicínt den oileán ag fear le haghaidh oibre. Ní rabh bliain ar bith nach rabh Páidín Rua indon trí nó ceathair de sgórtha punt a shaothrú ar an gceilp. Bhí sé indon beithidhigh a leigean suas mara bfeileadh sé dhó ceann nó péire a dhíol, nuair a thogródh sé é.

Faoi dheire cheap a chlann nárbh é an áit é le bheith ann ní b’fuide, go mbadh gheall le príosún a bheith ar oileán mara. Bhí feilm bheag dhá díol i gCill Chiaráin, cheannuigheadar í agus d’fhágadar Cruach na Cara ina ndiaidh, agus ón lá ar imthigheadar as nó go bhfuadarar bás, agus níor bhlianta fada é sin, bhíodar a’ tuitim siar ins a’ chuile shórt. Chailleadar a slainte as a dheireadh, agus cailleadh iad. Níor réidhtigh an tír leob nuair a d’fhágadar an t-ádh ina ndiaidh i gcruach na Cara. Bhíodh na seandaoine a rádh go mbadh dona an rud an iomarca uabhair, is seanfhocal é.

Ní rabh aonduine ina chomhnaidhe ar an oileán ó d’imthigheadar seo. Tháinig Séamus Ó Mongáin ina ndiaidh. Cheannuigh sé an t-oileán agus bhain sé doisíne blian as. Bhíodh trí sgór beithidheach aige ar an oileán feadh míosa. Ní fhágadh sé ann ach mí iad. Bhí an fheamuinn dhá díol aige agus deich ‘s dá fhichead sa mbliain ar cheathrar. Chaith an t-oileán dhá bliain bán. Thóg an Bord é agus tugadh an féar do bhaile an Mhása, an baile ba ghóire don oileán, agus an fheamuinn do bhaile na hAirde Thiar. Rinne aon ghabháltas déag den fhéar, agus seacht ngabháltas déag den fheamuinn.

Tá Oileán Muirghileach ó dheas de Chruach na Cara. Oileán beag iséal é. . Sé an áit is tréine a bhfuil an fheamuinn a’ tigheacht é; luach na gcéadta punt d’fheamuinn ag tigheacht ann. Tá teidiol ag chuile fhear de na seacht bhfeara déag ar an oileán beag agus ar an oileán mór. Tá Mac Dara curtha ag binn thoir an teampaill.